Limistéar Cathrach Phort Láirge

# An tInnéacs Siúil agus Rothaíochta 2023

Foilsithe i mí an Mhárta 2024



NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

sustrans



# Brollach

## An fhís atá againn do dhaoine a dhéanann turais de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ar rothar i Limistéar Cathrach Phort Láirge



**Clr. Joe Conway, Méara, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge:**

Mar Mhéara ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, táim an-sásta fáilte a chur roimh an gcéad Innéacs Siúil agus Rothaíochta do Limistéar Cathrach Phort Láirge. Agus cúrsaí i gContae Phort Láirge agus i gContae Chill Chainnigh faoi chaibidil inti, is iomaí léargas fónta atá le fáil sa tuarascáil seo maidir le hiompraíochtaí agus tuairimí daoine ina gcónaí sna contaetha sin i leith siúil agus rothaíochta. Mar dhuine atá ina chónaí anseo le fada an lá, tá taithí phearsanta agam ar an sásamh atá le baint as taisteal gníomhach ag ar an mborradh atá tagtha faoi le blianta beaga anuas. Tarraingíonn na sonraí faoi iamh aird ar an dúil mhór atá ag muintir Phort Láirge sa tsiúlóid agus sa rothaíocht.

Tá sé le léamh ar an tuarascáil seo go bhfuil pobal Phort Láirge go mór i bhfabhar infheistiú a dhéanamh i dtaisteal gníomhach, agus 68% de mhuintir na háite i bhfabhar breis infheistithe a dhéanamh i mbonneagar siúil agus rothaithe, agus 63% díobh i bhfabhar breis infheistithe a dhéanamh i mbonneagar rothaíochta. I mbeagán focal, áit ina mbeidh daoine agus gnólachtaí faoi bhláth.

Agus tacaíocht á bhfáil acu ón Údarás Náisiúnta Iompair, tá an-obair déanta ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge le blianta beaga anuas agus neart tionscadal eile ar na bacáin acu. Agus é go mór i mbéal an phobail anois, téann an Glasbhealach chomh fada le croílár na cathrach a bhuí leis an nasc ó Charraig na bhFraochán go Lár na Cathrach a críochnaíodh le déanaí. Táthar i mbun droichead iompair inbhuanaithe a thógáil faoi láthair trasna na Siúire i Lár Chathair Phort Láirge le Glasbhealach Phort Láirge a nascadh le ceantar na nDuganna Thuaidh agus an Glasbhealach idir Cathair Phort Láirge agus Ros Mhic Thriúin.

Is léir ón tuarascáil seo na buntáistí a bhaineann le taisteal gníomhach agus an dúil atá ag muintir an mhórcheantair uirbigh ann, agus leanfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge go dian dícheallach i mbun Port Láirge a fhorbairt mar áit thaitneamhach ina gcaitheann gach duine saol sláintiúil inbhuanaithe ann.

Fáiltím roimh fhoilsiú na tuarascála seo agus tacaím go hiomlán leis na torthaí inti.



**Clr. Michael Doyle, Comhairle Contae Chill Chainnigh:**

I mo cháil mar Chathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, cuirim fáilte roimh Innéacs Siúil agus Rothaíochta Limistéar Cathrach Phort Láirge. Faightear an-léargas sa tuarascáil ar an sórt infheistíochta agus bonneagair a thaitneodh le daoine i bPort an Chalaidh agus i gCill Chainnigh Theas agus níl aon dabht ach go rachaidh sí chun tairbhe do Phlean Bainistíochta Soghluaisteachta Phort an Chalaidh atá le foilsiú go luath. Maidir le tionscadail amhail Glasbhealach an Oirdheiscirt atá tar éis Ros Mhic Thriúin a nascadh le croílár na gCéanna Thuaidh, is cinnte go gcothóidh siad caidreamh níos dlúithe idir Cill Chainnigh agus Port Láirge ar bhealach taitneamhach inbhuanaithe.



## Contents


| | |
|---|---|
| 4 | Ceannlínte |
| 6 | Siúl i Limistéar Cathrach Phort Láirge |
| 8 | Rothaíocht i Limistéar Cathrach Phort Láirge |
| 10 | Tairbhí an tsiúil |
| 12 | Tairbhí na rothaíochta |
| 14 | Réitigh siúil |
| 16 | Réitigh rothaíochta |
| 18 | Réitigh chomharsanachta |
| 20 | Limistéar Cathrach Phort Láirge a fhorbairt |
| 22 | An tslí chun cinn |


## An tInnéacs Siúil agus Rothaíochta

Is éard is an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta ann (Bike Life roimhe seo) an measúnú is mó a ndearnadh riamh ar nósanna daoine a dhéanann turais de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi, nó ar rothar i gceantair uirbeacha sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.

Is é Subtrans a chuirfidh i gcrích é i gcomhar le 23 cathair agus ceantar uirbeach. Cuireann gach cathair[i] tuarascáil le chéile faoin dul chun cinn atá déanta i dtreo cuma níos mealltaí a chur ar dhul de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar rothar mar mhodh chun turais laethúla a dhéanamh.

Cuireann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta tuarascáil le chéile gach dara bliain. Is í seo an chéad tuarascáil ó Limistéar Cathrach Phort Láirge a cuireadh le chéile i gcomhpháirt le hÚdarás Náisiúnta Iompair na hÉireann. Na sonraí sa tuarascáil seo, baineann siad leis an mbliain 2023 agus áirítear leo sonraí faoi dhul de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar rothar, samhaltú agus suirbhé neamhspleách ar 1,105 cónaitheoir atá 16 bliana d'aois nó níos sine i Limistéar Cathrach Phort Láirge. Ba idir mí Bealtaine agus mí Iúil 2023 a rinneadh an suirbhé seo. Ba chuideachta neamhspleách um thaighde margaidh ar Iompraíocht & Dearcthaí a rinne an suirbhé agus é bunaithe ar shampla ionadaíoch de gach duine sa limistéar faoi thrácht, seachas a bheith dírithe ar choisithe, ar dhaoine a úsáideann áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ar rothaithe amháin.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le muintir Limistéar Cathrach Phort Láirge as páirt a ghlacadh sa suirbhé agus a gcuid scéalta a roinnt linn.




Tá breis sonraí faoi na tuarascálacha le fáil ag www.sustrans.org.uk/walking-cycling-index. Le haghaidh breis sonraí, féach ar an Uirlis Sonraí Innéacs.

### Gabháil thart ar áis siúil a shainmhíniú

Maidir le daoine a úsáideann áiseanna soghluaisteachta ar rothaí, cathaoir rothaí, cuir i gcás, nó scútar soghluaisteachta, tuigimid nach mbeadh dáimh ag roinnt acu leis an téarma 'siúl' agus seans gur fearr leo an téarma 'gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi a shainmhíniú' a úsáid ina áit. Úsáidimid na téarmaí ag siúl agus ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi lena chinntiú go bhfuilimid chomh ionchuimsitheach agus is féidir.

i. Úsáidtear cathair mar théarma uileghabhálach do na cathracha, réigiúin chathracha, limistéir chathracha agus na buirgí a phléitear san Innéacs Siúil agus Rothaíochta.

# Ceannlínte

## Limistéar Cathrach Phort Láirge

**Daonra**[i]

66,555


**Limistéar an tsuirbhé**




### Cé chomh minic agus a úsáidtear modhanna taistil éagsúla

Tá neart daoine ann a bhfuil sé de nós acu turas a dhéanamh de shiúl na gcos nó ar áis a bhfuil rothaí uirthi, ach ní théann mórán daoine ó áit go háit ar rothar.

**Cónaitheoirí a dhéanann turas ar na modhanna taistil seo a leanas cúig uair sa tseachtain ar a laghad i Limistéar Cathrach Phort Láirge**




**52%**
na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi cúig lá sa tseachtain ar a laghad

**16%**
de chónaitheoirí a rothaíonn uair sa tseachtain ar a laghad

### Níl bhíonn an líon céanna daoine ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht

Ó thaobh luchta cónaithe de, is mór idir roghanna taistil agus tuairimí daoine maidir le siúl, gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus rothaíocht i measc grúpaí éagsúla.

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag rothlú cúig lá sa tseachtain ar a laghad**

**64%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois

**50%** de dhaoine idir 66+ d'aois

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad**[iii]

**9%** de mhná

**23%** d'fhir

### Ní bhraitheann gach cónaitheoir sábháilte ná go bhfuil fáilte rompu ina gcomharsanacht

**Céadatán na gcónaitheoirí ar dóigh leo go bhfuil sé sábháilte taisteal de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi**

**83%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE[iv]

**74%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB

**Céatadán na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sábháilteacht mhaith rothaíochta ann**

**47%** de mhná

**54%** d'fhir

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhraitheann go bhfuil fáilte rompu agus a bhraitheann ar a suaimhneas agus iad ag siúl, ag dul thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar mhaith leo am a chaitheamh ar shráideanna a gceantar féin.**

**83%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**87%** de dhaoine geala

iv. Féach an sainmhíniú ar leathanach 6.

i. Daonáireamh POS 2022. Is é seo an leagan is déanaí maidir le Limistéar Cathrach Phort Láirge. ii. Ag taisteal mar thiománaí nó mar phaisinéir cairr, veain nó gluaisrothair. iii. Ní raibh méid an tsampla de fhreagróirí a ionannaíonn le 'hinscne eile' mór a dhóthain le bheith suntasach ó thaobh staitistice de agus dá bhrí sin ní chuirtear i láthair anseo é.

## Baineann gach duine tairbhe as nuair a bhíonn níos mó daoine ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht

Is ionann líon na ndaoine a thaistealaíonn de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar rothar gach lá i Limistéar Cathrach Phort Láirge agus **16,000** gluaisteán a bhaint den bhóthar.[v] Nuair a chuirtear le chéile líon na ndaoine a úsáideann na modhanna taistil seo gach bliain i Limistéar Cathrach Phort Láirge:

Seachnaítear
**186**
cás de riocht sláinte-fadtéarmach tromchúiseach

Cruthaítear
**€80.5 milliún**
de tairbhe eacnamaíoch do dhaoine aonair i Limistéar Cathrach Phort Láirge

Sábháiltear
**4,300 tonna**
d'astaíochtaí gáis ceaptha teasa

## Teastaíonn ó lucht cónaithe níos mó turais a dhéanamh de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi, nó ar rothar agus níos lú tiomána a dhéanamh

**Céatadán na gcónaitheoirí ar mhaith leo níos mó tairbhe a bhaint as cineálacha iompair éagsúla amach anseo:**

**Siúl nó dul ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi**
**53%** níos mó
**3%** níos mó

**Rothaíocht**
**31%** níos mó
**1%** níos mó

**Dul ar iompar poiblí**
**28%** níos mó
**8%** níos mó

**Tiomáint**
**15%** níos mó
**21%** níos mó

## Teastaíonn níos mó maoinithe ó chónaitheoirí don siúl, rothlú, rothaíocht agus iompar poiblí

**Céatadán na gcónaitheoirí ar mhaith leo go gcaithfeadh an rialtas níos mó airgid ar áiseanna siúil, do dhaoine a úsáideann áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ar iompar poiblí ina gceantar féin:**

**68%** ar Shiúl nó Gabháil Thart ar Áis a Bhfuil Rothaí Uirthi

**63%** ar rothaíocht

**73%** ar iompar poiblí

**38%** ar thiomáint

## B'ionann breis maoinithe a thabhairt do na háiseanna seo agus an stíl mhaireachtála i gcomharsanachtaí a fheabhsú

**I measc lucht cónaithe i Limistéar Cathrach Phort Láirge:**

**76%** i bhfách le
**10%** i gcoinne
níos mó raonta rothar feadh bóithre, scartha go fisiciúil ó thrácht agus ó choisithe

**79%** a aontaíonn
**9%** nach n-aontaíonn
go bhfeabhsófar a gceantar áitiúil dá gcuirfí leis an spás atá ar fáil do dhaoine teacht le chéile, siúl agus ag rothaíocht a dhéanamh ar a bpríomhshráid áitiúil

**86%** i bhfách le
**4%** i gcoinne
níos mó comharsanachtaí 20 nóiméad a chruthú[vi]

**78%** i bhfách le
**10%** i gcoinne
cosc ar fheithiclí a pháirceáil ar an gcosán

vi. Féach an sainmhíniú ar leathanach 14.
vii. Le haghaidh sainmhíniú féach an cháipéis faoi Mhodheolaíocht.

**80%** i bhfách le
**5%** i gcoinne
breis comharsanachtaí ísealtráchta-a chruthú[vii]

**62%** i bhfách le
**18%** i gcoinne
infheistíocht a bhogadh ó scéimeanna tógála bóthair chun an siúl, gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi, rothaíocht agus iompar poiblí a mhaoiniú

v. Bunaithe ar an méid siúil, dul thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi, agus rothaíochta a dhéanann cónaitheoirí atá sa teaghlach céanna agus carr acu. Ní áirítear leis seo rothaíocht nó siúl nó turais ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi a dhéantar mar chaitheamh aimsire.



# Siúl i Limistéar Cathrach Phort Láirge

Rannpháirtíocht, sábháilteacht agus sástacht sa siúl agus sa rothlú

## Rannpháirtíocht sa siúl agus sa rothlú

Is minic a thugtar neamhaird ar thuras a dhéanamh de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus cúrsaí iompair á phlé. Is amhlaidh a bhíonn in ainneoin gur éifeachtach an bealach é le spás a úsáid, é go maith dár sláinte, leis, agus gur beag tionchar a bhíonn ag na modhanna taistil seo ar an timpeallacht.

**93%**
den lucht cónaithe a dhéanann turas de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi

**52%**
na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi cúig lá sa tseachtain ar a laghad

### Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag rothlú cúig lá sa tseachtain ar a laghad

**Inscne**[i]

**53%** de mhná

**52%** d'fhir

**Eitneachas**

**48%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**53%** de dhaoine geala

**Aois**

**64%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois

**47%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois

**53%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois

**51%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois

**51%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois

**50%** de dhaoine idir 66+ d'aois

**Míchumas**

**46%** de dhaoine faoi mhíchumas

**53%** de dhaoine gan mhíchumas

**Grúpa socheacnamaíoch**[ii]

**58%** de AB

**52%** de C1

**50%** de C2

**50%** de DE

ii. Is éard atá i gceist le grúpa socheacnamaíoch ná aicmiú atá bunaithe ar ghairm bheatha arb é an Cumann Taighde Margaidh a choinníonn suas chun dáta é. Is gairmithe agus lucht bainistíochta iad Grúpaí A agus B. Is maoirseoirí/oifigigh cléireachais agus mic léinn iad Grúpa C1. Is oibrithe láimhe oilte iad Grúpa C2. Is oibrithe láimhe leathoilte agus neamhoilte, cúramaithe baile agus daoine dífhostaithe iad Grúpaí D agus E.

i. Ní raibh méid an tsampla de fhreagróirí a ionannaíonn le 'hinscne eile' mór a dhóthain le bheith suntasach ó thaobh staitistice de agus dá bhrí sin ní chuirtear i láthair anseo é.

## Sábháilteacht agus sástacht ag siúl agus ag rothlú

**80%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil leibhéal sábháilteachta maith ann do dhaoine a dhéanann turais de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi

**67%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil leibhéal sábháilteachta maith ann do pháistí a dhéanann turais de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi

**84%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo gur áit mhaith é a gceantar féin ar an iomlán le turais de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi a dhéanamh

### An céatadán de chónaitheoirí a cheapann go bhfuil sábháilteacht siúil nó rothlaithe ina gceantar áitiúil go maith

**Inscne**

**81%** de mhná

**79%** d'fhir

**Eitneachas**

**84%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**80%** de dhaoine geala

**Aois**

**84%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois

**87%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois

**83%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois

**70%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois

**79%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois

**79%** de dhaoine idir 66+ d'aois

**Míchumas**

**71%** de dhaoine faoi mhíchumas

**81%** de dhaoine gan mhíchumas

**Grúpa socheacnamaíoch**

**74%** de AB

**83%** de C1

**78%** de C2

**83%** de DE



### AnnMaria Langford, comhraiceoir dóiteáin atá imithe ar scór

Téim ar shiúlóidí mar táim fós in ann agus an deis agam chuige. Agus mé ag dul in aois, tá tuiscint níos fearr agam ar m'inniúlachtaí coirp. Lena chois sin, is deis í siúlóid éalú ó chúraimí an tsaoil ar feadh tamaillín agus sos beag liom féin a ghlacadh.

Faighim idir thairbhithe coirp, meabhrach, agus spioradálta as dul ag siúl. Is breá liom siúl isteach faoin mbaile mór nach bhfuil ach 30 nóiméad ar shiúl ó mo theach – gan aon cíos, cás ná cathú orm ó thaobh páirceála de agus beagán aclaíochta agam lena chois – mura bhfuil sásamh orm ní lá fós é!

Dá gcuirfí feabhas ar an soilsiú sráide ann agus dá ndeiseofaí na poill sna bóithre, bheadh eispéireas i bhfad níos fearr agam mar choisí.



# Rothaíocht i Limistéar Cathrach Phort Láirge

## Rannpháirtíocht, sábháilteacht agus sástacht sa rothaíocht

### Rannpháirtíocht sa rothaíocht

Ní ghlactar páirt i rothaíocht ar bhonn cothrom. Is mó constaic a chuirtear roimh roinnt daoine má tá fonn rothaíochta orthu. An chonstaic is mó a chuireann daoine ó dhul i mbun rothaíochta is ea sábháilteacht, sábháilteacht ar bhóithre agus sábháilteacht phearsanta san áireamh.[i]

**25%**
den lucht cónaithe a bhíonn ag rothaíocht

**16%**
den lucht cónaithe a bhíonn ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad

### Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad

#### Inscne

**9%** de mhná

**23%** d'fhir

#### Eitneachas

**13%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**16%** de dhaoine geala

#### Aois

**25%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois

**16%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois

**17%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois

**19%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois

**12%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois

**6%** de dhaoine idir 66+ d'aois

#### Míchumas

**5%** de dhaoine faoi mhíchumas

**17%** de dhaoine gan mhíchumas

#### Grúpa socheacnamaíoch

**18%** de AB

**19%** de C1

**13%** de C2

**12%** de DE

i. Tuarascálacha Bike Life na bliana 2019 (cathracha éagsúla).

## Sábháilteacht agus sástacht sa rothaíocht

**51%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil an leibhéal sábháilteachta don rothaíocht go maith ina gceantar féin

**44%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil an leibhéal sábháilteachta go maith do leanaí a bhíonn ag rothaíocht

**55%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo gur áit mhaith é a gceantar féin ar an iomlán le bheith ag rothaíocht

### An céatadán de na cónaitheoirí a cheapann gur maith í an tsábháilteacht don rothaíocht ina gceantar áitiúil

#### Inscne

**47%** de mhná

**54%** d'fhir

#### Eitneachas

**78%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**48%** de dhaoine geala

#### Aois

**57%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois

**60%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois

**57%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois

**40%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois

**46%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois

**43%** de dhaoine idir 66+ d'aois

#### Míchumas

**39%** de dhaoine faoi mhíchumas

**52%** de dhaoine gan mhíchumas

#### Grúpa socheacnamaíoch

**43%** de AB

**53%** de C1

**52%** de C2

**53%** de DE



### Anne-Marie Swift, oibrí Cúraim Sláinte

Ó thaobh mo nósanna taistil de, d'fhéadfainn a bheith ag siúl, ag tiomáint nó ar rothar agus mé ag dul ó áit go háit. Fuair mé rothar leictreach le déanaí agus is mó rothaíocht atá á déanamh agam ó shin i leith. Is cabhair é nuair a bhím ag dul in aghaidh an chnoic.

Tá 3km le taisteal agam le dul chun na hoibre ar rothar. Ar mhaithe le mo chion a dhéanamh ar son na timpeallachta a dhéanaimse rothaíocht, ach déanaim í ar mhaithe le mo sláinte freisin.

Ní maith liom a bheith i dtuilleamaí gluaisteáin agus is breá liom an saoirseacht a bhaineann leis an rothaíocht.

Is féidir siúl nó dul ar rothar ón áit a bhfuil cónaí orm isteach faoin mbaile ó tharla é a bheith cóngarach dúinn, ach tá na bóithre a théann chomh fada leis sách cúng. Is nós lena lán tiománaithe a gcarr a pháirceáil ar an gcosán agus seans go ndéanann siad amhlaidh toisc nach bhfuil cabhsa acu. Bíonn siad sa bhealach ar choisithe agus ar dhaoine a bhfuil bugaí á bhrú rompu go mór mór.

Dá maolófaí an luasteorainn agus dá gcuirfí ceansú tráchta i bhfeidhm, is mór a rachadh sé chun tairbhe. Ní dhéanfadh lána rothar ar an mbealach chun na hoibre aon dochar ach an oiread!




# Tairbhí an tsiúil

## An fáth a mbíonn gach duine thuas leis nuair a shiúlann nó nuair a rothlaíonn níos mó daoine

Is iomaí tairbhe do chách ó thaobh sláinte, geilleagair agus timpeallachta de a eascraíonn as líon na dturas a dhéantar de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach Phort Láirge

**Is ionann an fad a théann lucht cónaithe i Limistéar Cathrach Phort Láirge de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi gach lá agus dul timpeall an domhain 4 uair**

Rinneadh

**26.5 milliún turas**

de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach Phort Láirge le bliain anuas, arb ionann nuair a chuirtear le chéile iad agus:

**64.6 milliún ciliméadar**

= **180,000 ciliméadar** sa lá

Is ionann é sin agus gach cónaitheoir ag caitheamh


**12 lá**

ag siúl nó ag dul thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi gan stad le bliain anuas.

**Turais bhliantúla siúil agus rothlaithe de réir cuspóra**[i]

Taitneamh nó aclaíocht – daoine fásta agus leanaí (agus rith san áireamh): **13,200,000**
**50%**

Ceann scríbe – daoine fásta amháin (m.sh. obair, scoil, siopadóireacht): **12,600,000**
**48%**



Scoil – páistí amháin: **650,000**
**2%**

**Téann turais a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi chun tairbhe do lucht cónaithe agus do gheilleagar na háite**

Úsáideann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta samhail le tuiscint a fháil ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le tiomáint agus siúl. Mar shampla, am taistil, costais oibriúcháin feithiclí, maitheas don tsláinte, caighdeán an aeir agus cánachas.

**€0.94 a shábháiltear**

in aghaidh gach ciliméadar a dhéantar de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi seachas tiomáint go ceann scríbe Phort Láirge.

I gcaitheamh bliana amháin sin

**€20.7 milliún**

ar fad ó dhaoine fásta a bhfuil carr sa teaghlach acu a théann chun na hoibre, chun na scoile agus go cinn scríbe eile de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi.

Is é an sochar eacnamaíoch iomlán a fhabhraítear ó gach turas a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach Phort Láirge


**€73 milliún**[ii]



i. Áirítear daoine fásta agus páistí (bíodh daoine fásta ina dteannta nó ná bíodh) leis na turais a dhéantar ar mhaithe le taitneamh agus le haclaíocht. Taispeántar turais scoile leo féin do leanaí amháin. ii. Airítear leis seo turais a dhéantar de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi ar mhaithe le taitneamh agus le haclaíocht, mar aon le turais á ndéanamh ag daoine a bhfuil carr acu nó atá gan charr.

## Tugann siúl agus rothlú buntáistí sláinte do gach duine

**De thairbhe an méid a shiúltar i Limistéar Cathrach Phort Láirge seachnaítear 168 de riocht sláinte tromchúiseach fadtéarmach gach bliain**




Áirítear le 'riochtaí eile' diaibéiteas chineál 2, stróc, ailse cíche, ailse cholaireicteach.

Is ionann é seo go léir agus

**€2.4 milliún a shábháil**

don FSS i Limistéar Cathrach Phort Láirge in aghaidh na bliana

arbh ionann é agus an costas a bhaineann le

**43,000 coinne DG**

Bunaithe ar shonraí Limistéar Cathrach Phort Láirgea chur isteach in uirlis MOVES de chuid Sport England a ríomhann an toradh ar infheistíocht don tsláinte ón spórt agus ón aclaíocht.

A bhuí leis an maitheas don tsláinte a thagann as an ngníomhaíocht choirp a dhéantar mar chuid den mhéid a shiúltar i Limistéar Cathrach Phort Láirge cuirtear

**cosc ar 28 bás luath gach bliain**

a mheastar gur fiú

**€215 milliún e**[iii]

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil turais i gcathaoireacha rothaí agus ar scútair shoghluaisteachta á n-áireamh mar thurais siúil chun críocha na samhlacha MOVES agus HEAT.

Agus daoine ag siúl agus ag rothlú níos mó in ionad a bheith ag tiomáint, feabhsaítear cáilíocht an aeir, ag sábháil go bliantúil:

**9,900 kg de $NO_x$**

agus

**1,200 kg de cháithníní**

($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$)

**88%** de chónaitheoirí a aontaíonn go bhfuil an t-aer glan ina gceantar áitiúil

## Is cabhair iad na turais a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach Phort Láirge maidir leis an ngéarchéim aeráide atá ag bagairt orainn a mhaolú

**Sábháladh 3,800 tonna**

d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa (dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil) gach bliain trí shiúl nó dul ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi in ionad a bheith ag tiomáint, arb ionann é agus lorg carbóin

**54,000 duine ag fáil eitilte**

ó Bhaile Átha Cliath go Heathrow Londain

Sa bhliain 2021, tháinig **18%** de na hastaíochtaí gáis cheaptha teasa a astaítear in Éirinn as cúrsaí iompair, agus ar na foinsí is mó de seo bhí úsáid peitril agus díosail i mbun iompar ar bhóthar.

Idir 1990 agus 2021, tháinig méadú **114%** ar astaíochtaí ó chúrsaí iompair.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa Deiridh na hÉireann 1990-2021.

## Coimeádann siúl agus dul ar áis a bhfuil rothaí uirthi Limistéar Cathrach Phort Láirge ag imeacht

Taispeánann staidéir gur mó an spás ar an mbóthar i ngeall ar an siúl nó rothaíocht i gcomparáid le tiomáint.[iv] Cuidíonn sé sin le Limistéar Cathrach Phort Láirge a choinneáil ag gluaiseacht do gach úsáideoir bóthair.

**15,000 turas fillte**

a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach Phort Láirge ag daoine a d'fhéadfadh carr a úsáid.

iv. Litman, 2023. Evaluating Transportation Land Use Impacts. Bunaithe ar Eric Bruun and Vuchic, 1995. The Time-Area Concept.

Dá mbeadh na carranna seo go léir i dtranglam tráchta shínfeadh sé siar

**73 ciliméadar**

fad slí arb ionann é agus an fad slí idir Port Láirge agus Ros Láir.



iii. Bunaithe ar EDS/Uirlis um Shláinte Gheilleagrach na hEorpa a Mheas (HEAT), lenar féidir measúnú a dhéanamh ar an maitheas a dhéantar don tsláinte trí mheastachán a dhéanamh ar an laghdú ar an ráta báis a tharla de bharr an méid a siúladh.



# Tairbhí na rothaíochta

## An fáth a mbíonn gach duine thuas leis nuair a bhíonn níos mó daoine ag rothaíocht

**Is leor an méid rothaíochta a dhéanann lucht cónaithe Limistéar Cathrach Phort Láirge gach lá le turas timpeall an domhain a dhéanamh**

Rinneadh

**1.3 milliún turas**


rothaíochta i Limistéar Cathrach Phort Láirge le bliain anuas

Is ionann sin agus

**8.3 milliún ciliméadar**

= **23,000 ciliméadar** sa lá

**Turais bhliantúla rothaíochta de réir na cuspóra i Limistéar Cathrach Phort Láirge**[i]




**Téann an rothaíocht chun tairbhe do chónaitheoirí agus don gheilleagar áitiúil**

Úsáideann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta samhail le tuiscint a fháil ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le tiomáint agus rothaíochta. Mar shampla, am taistil, costais oibriúcháin feithiclí, maitheas don tsláinte, caighdeán an aeir agus cánachas.

**Sábháiltear €1.40**

in aghaidh gach ciliméadar a dhéantar ar rothar seachas tiomáint go ceann scríbe i Limistéar Cathrach Phort Láirge.

I gcaitheamh bliana amháin, is é sin suas le

**€4.2 milliún**

ar fad ó dhaoine fásta a bhfuil carr sa teaghlach acu a théann chun na hoibre, chun na scoile agus go cinn scríbe eile ar rothar.

Is é an sochar eacnamaíoch iomlán a fhabhraítear ó gach turas rothaíochta i Limistéar Cathrach Phort Láirge


**€7.5 milliún**[ii]



i. Áirítear daoine fásta agus páistí (bíodh daoine fásta ina dteannta nó ná bíodh) leis na turais fóillíochta. Taispeántar turais oideachais do dhaoine fásta agus do leanaí astu féin. Baineann na turais eile ar fad le daoine fásta amháin. ii. San áireamh leis sin tá turais ar rothair ar mhaithe le taitnimh nó folláine, agus turais chuig cinn scríbe ag daoine a bhfuil carr acu agus nach bhfuil carr acu.

## Tugann rothaíocht buntáistí sláinte do gach duine

**De thairbhe na rothaíochta i Limistéar Cathrach Phort Láirge, seachnaítear 18 de riocht sláinte trom fadtéarmach gach bliain**




Áirítear le 'riochtaí eile' diaibéiteas chineál 2, stróc, ailse cíche, ailse cholaireicteach.

Is ionann é seo go léir agus

**€270,000 a shábháil**

don FSS i Limistéar Cathrach Phort Láirge in aghaidh na bliana



arbh ionann é agus an costas a bhaineann le

**4,900 coinne DG**

Bunaithe ar shonraí Limistéar Cathrach Phort Láirgea chur isteach in uirlis MOVES de chuid Sport England a ríomhann an toradh ar infheistíocht don tsláinte ón spórt agus ón aclaíocht.

A bhuí leis an maitheas don tsláinte a thagann as an ngníomhaíocht choirp a bhaineann le rothaíocht i Limistéar Cathrach Phort Láirge cuirtear

**cosc a chur ar 1 bhás luath gach bliain**

lena meastar luach

**€9.1 milliún**[iii]

iii. Bunaithe ar Uirlis Mheasúnaithe Eacnamaíoch don tSláinte (HEAT) de chuid EDS/na hEorpa, a chumasaíonn measúnú eacnamaíoch ar na buntáistí sláinte a bhaineann le rothaíochta trí luach na básmhaireachta laghdaithe a eascraíonn as méideanna sonraithe rothaíochta a mheas.

Agus daoine ag rothaíocht níos mó in ionad a bheith tiomáint feabhsaítear cáilíocht an aeir, ag sábháil go bliantúil:

**1,200 kg de $NO_x$**

agus

**145 kg de cháithníní**

($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$)

**88%** de chónaitheoirí a aontaíonn go bhfuil an t-aer glan ina gceantar áitiúil



## Is cabhair iad na turais rothaíochta i Limistéar Cathrach Phort Láirge maidir leis an ngéarchéim aeráide atá ag bagairt orainn a mhaolú

**510 tonna**

d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil) a shábháiltear gach bliain trí rothaíocht in ionad a bheith ag tiomáint, arb ionann é agus lorg carbóin de



**7,300 duine ag fáil eitleán**

ó Bhaile Átha Cliath go Heathrow Londain

Sa bhliain 2021, tháinig **18%** de na hastaíochtaí gáis cheaptha teasa a astaítear in Éirinn as cúrsaí iompair, agus ar na foinsí is mó de seo bhí úsáid peitril agus díosail i mbun iompar ar bhóthar.

Idir 1990 agus 2021, tháinig méadú **114%** ar astaíochtaí ó chúrsaí iompair.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa Deiridh na hÉireann 1990-2021.

## Coinníonn an rothaíocht i Limistéar Cathrach Phort Láirge ag gluaiseacht

Taispeánann staidéir gur mó an spás ar an mbóthar i ngeall ar an siúl nó rothaíocht i gcomparáid le tiomáint.[iv] Cuidíonn sé sin le Limistéar Cathrach Phort Láirge a choinneáil ag gluaiseacht do gach úsáideoir bóthair.

**950 turas rothaíochta fillte**

a dhéantar i Limistéar Cathrach Phort Láirge ag daoine a d'fhéadfadh carr a úsáid.

Dá mbeadh na carranna seo go léir i dtranglam tráchta shínfeadh sé siar

**5 ciliméadar**

fad slí arb ionann é agus an fad slí ó Chathair Phort Láirge go Baile Gunnair.



iv. Litman, 2023. Evaluating Transportation Land Use Impacts. Bunaithe ar Eric Bruun and Vuchic, 1995. The Time-Area Concept.



# Réitigh siúil

## Cad é a chuideodh le siúl agus gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi a dhéanamh níos éascú?

**Teastaíonn níos mó seirbhísí agus conláistí ó chónaitheoirí laistigh d'achar siúil agus rothlaithe**

Go hidéalach, ba cheart go mbeadh siúl nó ag gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi ar an rogha is tarraingtí do thurais ghearra. D'fhéadfadh limistéar tacú leis sin trína chinntiú go mbeidh go leor de na rudaí a theastaíonn ó dhaoine ar fáil gar don áit ina gcónaíonn daoine. Ba chóir go mbeadh an timpeallacht sábháilte, compordach agus fáiltiúil.

Áiteanna is ea iad comharsanachtaí 20 nóiméad ónar féidir leat siúl ó do theach chuig go leor de na rudaí a theastaíonn uait ar bhonn rialta (amhail siopaí, páirceanna, scoileanna) agus ar ais arís laistigh de 20 nóiméad.

**Cén céatadán cónaitheoirí nár mhiste leo níos mó áiseanna agus seirbhísí áitiúla a bheith ann chun cabhrú leo siúl nó rothlú níos mó?**

**64%** Níos mó siopaí agus seirbhísí laethúla, amhail bainc agus oifigí poist, gar do do theach

**61%** Níos mó seirbhísí, amhail ionaid sláinte dochtúirí agus scoileanna, gar do do theach

**75%** Níos mó páirceanna nó spásanna glasa gar do do theach

**65%** Tuilleadh rudaí le feiceáil agus le déanamh gar do do theach, amhail caiféanna nó ionaid siamsaíochta

**Tá 14%**
de theaghlaigh Phort Láirge i gcomharsanachtaí ina bhfuil níos mó ná 40 teach in aghaidh an heicteáir.

Sna comharsanachtaí ard-dlúis sin, is féidir gnólachtaí áitiúla a choinneáil ar bun agus bealaí iompair phoiblí a chothú ar bhealach níos éasca. Cuidíonn sé sin le spleáchas ar charranna a laghdú.[i]

**Aontaíonn 70%**
gur féidir leo dul chuig go leor áiteanna a gcaithfidh siad cuairt a thabhairt orthu gan tiomáint go héasca

**Céatadáin na dteaghlach laistigh de raon 800m de na taitneamhachtaí seo a leanas**

Bunaítear é sin mar fhad dírlíne, seachas an fad siúil iarbhír bunaithe ar leagan amach sráide ar dócha go mbeidh sé níos faide (coibhéis thar ar 960m).

Stáisiún iarnróid **7%**

Siopa bia **84%**

Páirc nó spás le haghaidh áineasa **71%**

Ionad sláinte dochtúirí **45%**


Bunscoil **67%**

Leabharlann **53%**

Oifig an Phoist **53%**

Meascán d'ionaid chultúrtha agus fóillíochta[ii] **91%**

Stad bus (laistigh de 400m) **83%**



i. Sustrans, 2017. Taisteal Gníomhach agus Iompar Poiblí a Nascadh le Fás agus le Pleanáil Tithíochta.
ii. Trí chineál ionad cultúrtha agus fóillíochta ar a laghad, amhail caiféanna, tithe tábhairne, hallaí biongó, pictiúrlanna, músaeim.

## Teastaíonn sráideanna níos fearr ó chónaitheoirí

Tá go leor bealaí ann lenár sráideanna agus ár gcomharsanachtaí a dhéanamh sábháilte, fáiltiúil agus compordach do gach duine chun siúl nó gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi iontu.

### Cén céatadán de chónaitheoirí a cheapann go gcabhródh na hathruithe seo leo siúl nó rothlú níos mó?

**73%** Cosáin níos leithne

**72%** Trasrianta bóthair níos rialta, le hamanna feithimh laghdaithe

**74%** Áiteanna níos deise ar feadh sráideanna chun stopadh agus scíth a ligean, amhail níos mó binsí, crann agus foscadán

**81%** Inrochtaineacht níos fearr ar chosáin, amhail dromchlaí cothroma, colbhaí tite ag pointí trasnaithe

**71%** Níos lú carranna páirceáilte ar an gcosán

**64%** Níos lú eagla roimh choireacht nó iompar frithshóisialta ina gceantar

I Limistéar Cathrach Phort Láirge:

**43%** de bhóithre Náisiúnta agus Réigiúnacha a bhfuil leithead cosáin níos mó ná 3m acu[iii]

**43%** de na mionbhóithre a bhfuil leithead cosáin níos mó ná 2m acu

**81%**
de chónaitheoirí a aontaíonn dá ndéanfaí níos mó beart chun coireacht agus iompar frithshóisialta ar an tsráid nó i spásanna poiblí a laghdú go bhfeabhsófaí a gceantar áitiúil



iii. Is príomhbhóithre iad bóithre náisiúnta agus bóithre réigiúnacha. Rinneadh leithid cosáin a ríomh le húsáid a bhaint as sonraí Prime II de chuid Thailte Éireann (SOÉ roimhe seo) ceadúnaithe faoin gComhaontú Náisiúnta um Léarscáiliú: CYAL50370872 © Tailte Éireann – Suirbhéireacht. Ní chuirtear baic, amhail stadanna bus nó boscaí bruscair san áireamh i leithead an chosáin.



### Robert McCarthy

Téim beagnach gach áit de shiúl na gcos. Is mór is miste liom gan a bheith ag cur leis an mbrú atá ar an timpeallacht trí bheith ag brath rómhór ar ghluaisteán.

Is mór an aclaíocht agus taitneamh atá le baint as dul ó áit go háit de shiúl na gcos; nó cuairt a thabhairt ar dhaoine, agus ba gheall le híocshláinte é gan bheith i do shuí ar d'aonar i gcubhachail agus tú ag triall ar áit.

Áit ar bith i gcóngar lár an bhaile, tá an trácht go hainnis. Fiú más ar bhus atáim ag taisteal, tuirlingím de roimh cheann scríbe a bhaint amach mar bheinn níos tapúla an t-aistear a chríochnú de shiúl na gcos.

Beart amháin a rachadh go mór chun tairbhe is ea luasteorainneacha a mhaolú. Is beag costas a bhaineann leis, ní chuireann sé bac ar thiománaithe agus éireoidh na bóithre i bhfad níos suaimhní dá bharr.

Ligfeadh sé do rothaithe fanacht ar an mbóthar leis an trácht seachas a bheith ag iarraidh fanacht as a mbealach. Leigheasfadh sé an oiread sin fadhbanna.




# Réitigh rothaíochta

## Cad é a dhéanfadh rothaíocht níos fearr?

### Is mian le go leor cónaitheoirí i Limistéar Cathrach Phort Láirge dul ag rothaíocht

**Conas a fheiceann cónaitheoirí iad féin i dtaca le rothaíocht de?**



Rothaíocht rialta: **11%**

Rothaíocht ó am go chéile: **15%**

Ag rothaíocht den chéad uair nó ag filleadh ar an rothaíocht: **3%**

Ní rothaíonn ach ba mhaith leo: **19%**

Ní rothaíonn agus níl siad ag iarraidh: **52%**

**Cén céatadán de chónaitheoirí a dúirt 'nach mbíonn siad ag rothaíocht ach gur mhaith leo dul ag rothaíocht'?**

**19%** de mhná

**24%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**21%** de dhaoine faoi mhíchumas

### Teastaíonn bonneagar rothaíochta feabhsaithe ó chónaitheoirí

**Cén céatadán de chónaitheoirí a dhéanfadh níos mó rothaíochta dá mbeadh áiseanna níos fearr ann?**

**57%**
Níos mó bealaí rothaíochta saor ó thrácht ar shiúl ó bhóithre, amhail trí pháirceanna nó feadh uiscebhealaí

**55%**
Níos mó raonta rothar feadh bóithreatá scartha go fisiciúil ó thrácht agus ó choisithe

**56%**
Níos mó bealaí rothaíochta áitiúla le comharthaí feadh sráideanna níos ciúine

**55%**
Naisc níos fearr le hiompar poiblí, amhail páirceáil shlán rothair ag stáisiúin traenach, stadanna bus/stáisiúin

**76%**
de chónaitheoirí a thacaíonn le níos mó raonta rothaíochta atá scartha go fisiciúil ón trácht agus ó choisithe a thógáil, fiú nuair a chiallódh sé sin níos lú spáis do thrácht eile ar bhóithre



## Teastaíonn níos mó tacaíochta ó chónaitheoirí chun rothaíocht

### Cén céatadán de chónaitheoirí a cheapann go gcabhródh na cineálacha tacaíochta seo leo rothaíocht níos mó?

**45%** Cúrsaí oiliúna rothaíochta agus turais shóisialta eagraithe

**47%** Rochtain nó feabhsúcháin ar scéim um fhruiliú rothar cathrach

**40%** Rochtain ar stóráil shlán rothar sa bhaile nó gar dó

**44%** Rochtain ar rothar

**34%** Rochtain ar rothar leictreach

**30%** Rochtain ar rothar lasta (le spás chun leanaí a iompar nó siopadóireacht)

**24%** Rochtain ar rothar oiriúnaithe, amhail trírothach nó lámhrothar

### Scéim um fhruiliú rothar i Limistéar Cathrach Phort Láirge[i]

**177**
rothar roinnte

**14**
stáisiún fruilithe rothar

**17,212**
turas bliantúil

### Goid rothair tuairiscithe

Tuairiscíodh gur goideadh **209** rothar i Limistéar Cathrach Phort Láirge sa bhliain 2022/23.

**251** sa bhliain 2021/22

I gcás gach **121** duine ag a bhfuil rothar duine fásta i Limistéar Cathrach Phort Láirge, tuairiscíodh gur goideadh **1** rothar le bliain anuas.

### Céatadáin na gcónaitheoirí a bhfuil rochtain acu ar rothar duine fásta

**48%** de chónaitheoirí

**36%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE

**56%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB

Tá **76%** de chónaitheoirí i bhfabhar lascainí airgeadais do dhaoine ar ioncam íseal nó nach bhfuil i bhfostaíocht chun cuidiú leo rothar a cheannach

**19%** de theaghlaigh atá laistigh de 800m ó shiopa rothaíochta[ii]





### Michael Walsh, Ar Scor

Is aoibhinn liom rothaíocht. Bainim ardtaitneamh as tabhairt faoi áit éigin ar rothar.

Tá rothar agam le 14 mhí anois agus tá 12,000km curtha díom ar rothar go dtí seo – is ar an gGlasbhealach a thaisteal mé 90% de na ciliméadair sin.

Tá an Glasbhealach ar fheabhas agus bainim taitneamh as caife a bheith agam faoi bhealach agus is áit iontach é le bualadh le daoine.

Ba cheart machnamh níos mó a dhéanamh ar conas is féidir linn dul isteach ar an nglasbhealach agus imeacht as arís go sábháilte. Nuair a thagann deireadh leis an nglasbhealach, ní bhíonn spás a dhóthain ar an mbóthar do na rothaithe.

Dá ndéanfaí níos sábháilte é, táim cinnte dearfa de go dtiocfaidh níos mó daoine chun rothaíochta ann. D'fhéadfainn mo gharpháistí a thabhairt liom ach, faoi mar a sheasann cúrsaí faoi láthair, beag an baol go ndéanfainn a leithéid.

i. Clúdaítear sna sonraí Iúil 2022 – Meitheamh 2023.
ii. © Rannpháirtithe OpenStreetMap.




# Réitigh chomharsanachta

## Cad é a chabhródh le comharsanachtaí a dhéanamh níos fearr?

### Ba chóir go mbraithfeadh gach cónaitheoir go bhfuil fáilte rompu ina gcomharsanacht

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhraitheann go bhfuil fáilte rompu agus a bhíonn compordach ag siúl, ag rothlú nó ag caitheamh ama ar shráideanna a gceantair**

**87%**
de chónaitheoirí

**89%** de mhná

**84%** d'fhir

**83%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**87%** de dhaoine geala

**80%** de dhaoine faoi mhíchumas

**87%** de dhaoine gan mhíchumas

**84%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE

**89%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB

### Is féidir le ceannas mótarfheithiclí siúl, rothlú agus rothaíocht a dhíspreagadh

**63%** de chónaitheoirí a shíleann nach bhfuil a sráideanna faoi smacht ag mótarfheithiclí a bhíonn ag gluaiseacht nó páirceáilte.

**Ach bheadh níos lú mótarfheithiclí ar a sráideanna úsáideach do chónaitheoirí chun:**

**62%** Siúl níos mó nó gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi níos mó

**55%** Taisteal níos mó ar rothar

Níl mionbhóithre ísealúsáide deartha chun tréthrácht a iompar, ach i Limistéar Cathrach Phort Láirge níl aon rud le cosc a chur ar **12%** dá fhad iomlán. D'fhéadfadh cóngar sciuirde a bheith mar thoradh air sin.[i]

**74%** a aontaíonn go mbeadh a gceantar níos fearr as dá gcuirfí srian ar thréthrácht ar shráideanna cónaithe áitiúla

**Ach luasteorainn 30km/u a bheith ag níos mó sráideanna chabhródh sé le cónaitheoirí chun:**

**57%** Siúl níos mó nó gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi níos mó

**49%** Taisteal níos mó ar rothar

### Teastaíonn ó chónaitheoirí gur spásanna níos fearr do dhaoine chun am a chaitheamh iontu a sráideanna áitiúla

**79%**
a aontaíonn go ndéanfaí áit níos fearr dá gceantar áitiúil dá gcuirfí leis an spás do dhaoine a bheith ag sóisialú, ag siúl agus ag rothaíocht ar a bpríomhshráid áitiúil

**77%**
a aontaíonn go ndéanann siad comhrá rialta lena gcomharsana, níos mó ná beannú dóibh go díreach

**80%**
a thacaíonn le comharsanachtaí íseal-tráchta

i. Bunaithe ar anailís arna déanamh ag CycleStreets www.lowtrafficneighbourhoods.org. Is iad mionbhóithre ísealúsáide na cinn a rangaítear mar 'mhionbhóithre nach bhfuil chomh suntasach' ar OpenStreetMap.



**Debbie Kirwan**

Tá cónaí orm i gCeatharlach ach is maith liom cuairt a thabhairt ar Phort Láirge. Is féidir leat éalú ó ghleo agus ó thorann an bhaile mhóir anseo gan imní a bheith ort go leagfadh carr thú.

Measaim gur cheart dúinn ár mbailte a chur níos mó in oiriúint do dhaoine ag siúl thart. Tá an t-uafás tráchta againn in Éirinn agus níl sé fabhrach do shiúl áit éigin.

Ní chuirtear seandaoine agus páistí san áireamh agus na cúrsaí seo á bplé, déarfainn. Aon áit a bhfuil trasrian coisithe ann, measaim gur gá níos mó soilse ag splancáil a bheith ann le go mbeadh sé níos sábháilte.

Tá roinnt lánaí rothar i bPort Láirge, ach tá tuilleadh ag teastáil. Tiomnaím agus ceapaim go bhfuil 50kmph ró-thapa mar luasteorainn thart faoin mbaile.

Déarfaidh go bhfuil gá mór ann an luasteorainn a mhaolú in eastáit tithíochta na háite seo. Measaim gur cheart don rialtas níos mó a dhéanamh.

## Ní mór cuimhneamh ar leanaí agus comharsanachtaí á ndearadh

Ba chóir go mbeadh comharsanachtaí ina n-áiteanna inar féidir le leanaí déanamh go maith. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí neamhspleáchas a mhéadú, spás a chur ar fáil chun súgradh agus bualadh le chéile, agus an turas chun na scoile a fheabhsú.

Má dhearaimid comharsanachtaí agus leanaí ar intinn againn, oibreoidh siad níos fearr do gach duine eile freisin.

### 12 bhliain d'aois

an mheánaois a ligfeadh daoine dá gcuid leanaí siúl nó rothaíocht go neamhspleách ina gcomharsanacht.

Tá cead ag **80%** de leanaí seacht mbliana d'aois sa Ghearmáin dul ina n-aonar chuig áiteanna faoi fhad siúil, seachas an scoil.[ii]

**76%** de chónaitheoirí a aontaíonn go bhfuil spás ann do leanaí sóisialú agus súgradh

**50%** de theaghlaigh atá laistigh de 800m ó chlós súgartha do leanaí

I measc lucht cónaithe i Limistéar Cathrach Phort Láirge:

**54%** a aontaíonn

**32%** nach n-aontaíonn

dá ndúnfaí sráideanna lasmuigh de scoileanna áitiúla ar charranna le linn amanna fágála agus bailithe go gcuirfí feabhas ar a gceantar áitiúil

Tugtar 'Sráideanna Scoile' orthu sin.

Tá scéim Sráideanna Scoile i 0 scoil i Limistéar Cathrach Phort Láirge.[iii]

Chomh maith leis sin, féach Bealaí Sábháilte chun na Scoile ar leathanach 23.



ii. Soghluaisteacht Neamhspleách Leanaí: comparáid idirnáisiúnta agus moltaí le haghaidh gníomhaíochta, 2015.
iii. Tá an figiúr atá tugtha i gceart amhail an 31 Bealtaine 2023.



# Limistéar Cathrach Phort Láirge a fhorbairt

## Athruithe le déanaí i dtaca le siúl, rothlú, rothaíocht agus comharsanachtaí

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge i mbun tionscadail a chur i gcrích le roinnt blianta anuas a fhónann do thaisteal gníomhach a dhéanamh i Limistéar Cathrach Phort Láirge, go háirithe Glasbhealach Phort Láirge a bhfuil an oiread sin ratha air ó osclaíodh sa bhliain 2017 é agus é ag dul 50km beagnach ó Chathair Phort Láirge go dtí an baile cois farraige de Dhún Garbhán in iarthar Chontae Phort Láirge. Téann an Glasbhealach isteach i gCroílár na Cathrach anois ó críochnaíodh stráice nua 2km ar fad sa bhliain 2023. I measc oibre eile a rinneadh, forbraíodh lánaí rothar leithscartha agus leathnaíodh cosáin, cuireadh trasrianta coisithe nua isteach agus rinneadh uasghrádú ar an bhfearann uirbeach gan trácht ar dhul chun cinn a dhéanamh maidir le droichead nua inbhuanaithe do choisithe agus do rothaithe a chur ar bun trasna na Siúire, droichead atá á thógáil faoi láthair.

> “”
>
> Cuireann na haidhmeanna agus na cuspóirí a leagadh amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 de chuid an Rialtais taca faoi obair Chlár um Thaisteal Gníomhach Phort Láirge.

Cuireann na haidhmeanna agus na cuspóirí a leagadh amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 de chuid an Rialtais taca faoi obair Chlár um Thaisteal Gníomhach Phort Láirge. Ceann de na príomhaidhmeanna a luadh ná cur le líon na ngréasán siúil agus rothaíochta le go ndéanfaí 50% de na turais go léir de shiúl na gcos, ar rothar nó ar iompar poiblí faoi mbliain 2030.

Chuir Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge foireann um Thaisteal Gníomhach ar bun sa bhliain 2020. Idir 2020 agus 2022, chaith an fhoireann um Thaisteal Gníomhach tuairim is €22 milliún ar thionscadail um thaisteal gníomhach a chur i gcrích ar fud na Cathrach agus an Chontae. Lena chois sin, rinneadh infheistiú nach beag i gCrios Forbartha Straitéisí (CFS) ag Céanna Phort Láirge Thuaidh, tógáil an droichid iompair inbhuanaithe réamhráite san áireamh. Nuair a chuirtear le chéile an infheistíocht a rinneadh sna tionscadail um thaisteal gníomhach agus sa CFS, is céim shuntasach chun cinn iad maidir le níos mó deiseanna siúlóide agus rothaíochta a thabhairt do dhaoine i gcathair Phort Láirge agus sa mhórcheantar uirbeach níos leithne.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go dtagann Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi scáth Limistéar Cathrach Phort Láirge. Tabharfaidh an Croíghréasán Uirbeach atá beartaithe aird ar an mórcheantar uirbeach agus ar an gcaidreamh idir na Céanna Thuaidh, Port an Chalaidh agus Cathair Phort Láirge.







## Carraig na bhFraochán go Lár na Cathrach – Nasc Ghlasbhealach Phort Láirge

Is éard is an Nasc Glasbhealach Charraig na bhFraochán ann stráice nua 2km ar fad de chosán / rotharbhealach lena nasctar Glasbhealach Phort Láirge ó Charrchlós Ghlasbealach Charraig na bhFraochán an bealach ar fad go Lár Chathair Phort Láirge.

Beidh sé mar nasc idir Glasbhealach Phort Láirge agus Glasbhealach an Oirdheiscirt amach anseo (Port Láirge go Ros Mhic Thriúin), ag an Túr Cloig ar an gCé Theas feadh an droichid iompair inbhuanaithe atá beartaithe.

Ba é an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) a chistigh an tionscadal um Thaisteal Gníomhach seo fad is gurbh í Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge a chuir i gcrích agus a bhainistigh é. Caitheadh nach mór dhá bhliain i mbun an nasc 2km ar fad a thógáil agus osclaíodh é i mí an Mheithimh 2023.

## Eastáit Ard Aoibhinn – Scéim Tréscaoilteachta

Is éard is aidhm leis an tionscadal seo tréscaoilteacht a fheabhsú agus bealach nua a thógáil tríd an eastát tithíochta seo chuig ceantar siopadóireachta na háite le go mbeidh níos mó foinn ar dhaoine siúl agus rothaíocht a dhéanamh.

Rinne an fhoireann tionscadail um Thaisteal Gníomhach mionphlé le muintir na háite agus moltaí na scéime á bhforbairt acu.

Toisc go rabhthas comhsheasmhach maidir le muintir na háite a chur ar an eolas go pras faoi chúrsaí, cuireadh an tionscadal i gcrích gan mórán dua. Cuireadh an tionscadal i gcrích i mí an Mheithimh 2022.

## Bank Lane – Sráid Do Choisithe Amháin

Réitigh an tionscadal seo an bealach do shráid do choisithe amháin a thabhairt isteach le go mbeidh áiseanna níos fearr ann do choisithe agus rochtain níos fearr ann d'úsáideoirí faoi mhíchumas go mór mór.

Dúnadh Bank Lane i gcoinne tráchta le déanaí agus dúnadh na naisc leis an Meal agus le carrchlós Shráid Bolton chomh maith.

Faoin tionscadal seo cuireadh cosáin nua isteach in áit na seanchosán míchothrom scaipthe a bhí ann roimhe seo, chomh maith le dromchla chomhroinnte ardaithe a chur isteach feadh na sráide mar aon le limistéar cosáin a chruthú le go mbeadh spás ann do stáisiún rothar comhroinnte de chuid Chóras Iompair do Mhuintir na hÉireann. Cuireadh an tionscadal seo i gcrích i mí Mheán Fómhair 2022.



# An tslí chun cinn

## Sráideanna agus áiteanna níos fearr do chách

### Cycle Connects Phort Láirge

Tá an ÚNI agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge i mbun plean rotharbhealaí cuimsitheach a fhorbairt i leith an mhórcheantair uirbigh. Áirítear i measc seo gréasáin raonta rothar, rotharbhealaí uirbeacha, glasbhealaí, agus bealaí idiruirbeacha. Sa bhreis air seo beidh na rotharbhealaí/naisc ar moladh agus ar leagadh amach iad sna pleananna forbartha agus iompair is déanaí, mar aon leis na gréasáin eile is gá le lántairbhe a bhaint as pobail a bheith nasctha leis an ngréasán.

> Leanfaidh an chomhairle de thionscadail Bealaí Sábháilte chun na Scoile, de scéimeanna tréscaoilteachta, d'fheabhsúcháin ar acomhail agus de sholáthar páirceála do rothair a chur i gcrích.

### Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Phort Láirge (SILCPL)

Foilsíodh SILCPL i mí na Nollag 2022. Leagtar amach ann creat i gcomhair líonra iompair comhtháite den scoth a bhfuil teacht go héasca air agus a fhreastalóidh ar an éileamh ar mhodhanna taistil agus ar fhás inbhuanaithe i Limistéar Cathrach Phort Láirge ar bhealach a chuirfidh borradh mór faoi Réigiún an Oirdheiscirt. Ar cheann de spriocanna na straitéise seo, tá dúil mhór sa rothaíocht a chothú i Limistéar Cathrach Phort Láirge. Orthu seo, tá beart lena bhfuiltear i gceist 'gréasán raonta rothar a thógáil atá sábháilte, cuimsitheach, taitneamhach agus ar a bhfuil sé éasca eolas na slí a dhéanamh i gcomhréir leis an nGréasán de Raonta Rothar'.

### Scéim TFI um Rothair ar Cíos

Faoi scáth na scéime TFI um Rothair ar Cíos, tá 177 rothar le fáil ag 14 stáisiún rothar ar lonnaíodh go straitéiseach iad ar fud chathair Phort Láirge. Tá an Scéim TFI um Rothair ar Cíos i bhfeidhm le breis agus bliain anuas agus is iomaí duine a bhain leas aisti i rith a céad bhliana ar an bhfód, an scéim ag dul ó neart go neart ó cuireadh bonneagar rothaíochta breise isteach ar fud na cathrach.

### Glasbhealaí

Tá an Glasbhealach ó Dhún Garbháin go Cathair Phort Láirge ar cheann de na glasbhealaí is fearr in Éirinn. Is mó tairbhe a bhaineann lucht rothaíochta mar chaitheamh aimsire as an mbonneagar ach is bealach comaitéireachta, leis. Tá glasbhealach uirbeach ar na bacáin le Port Láirge a nascadh leis an Trá Mhór (14km). Cé go bhfuil an Trá Mhór suite lasmuigh den mhórcheantar uirbeach, tá caidreamh feidhmiúil láidir ann leis na hionaid uirbeacha i Limistéar Cathrach Phort Láirge.

Is comhthionscnamh é Glasbhealach an Oirdheiscirt idir Comhairle Contae Loch Garman, Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, atá tacaithe ag an Roinn Iompair. Ar a chríochnú, beidh Glasbhealach an Oirdheiscirt ina chonair siúlóide agus rothaíochta easbhóthair 24 km ar fad a ghabhfaidh an bealach ar fad ó Ros Mhic Thriúin trí Chill Chainnigh go ceann scríbe ag Céanna Chathair Phort Láirge. Mar chéad chéim de Ghlasbhealach an Oirdheiscirt, tógadh stráice 6km ó Ros Mhic Thriúin go dtí an Gleann Mór i gContae Chill Chainnigh agus osclaíodh don phobal é ar an 25 Iúil 2023.

## Scéimeanna ar na Bacáin

Ar na tionscadail um Thaisteal Gníomhach atá idir lámha i gCeantar Cathrach Phort Láirge tá roinnt scéimeanna a dhíríonn ar rotharbhealaí leithscartha a chur isteach ar na príomhbhealaí gathacha agus ar iad a chomhtháthú le cuar-rotharbhealaí leithscartha, i riocht is go gcuirfear gréasán láidir comhtháite ar bun. I measc seo, tá scéim Bhóthar Chorcaí / Shráid an Mhainéir agus scéim an Chuarbhóthair Laistigh. Is i gcathair Phort Láirge atá an dá bhealach sin.

Beidh crios forbartha straitéiseach na gCéanna Thuaidh ina siocair le tithíocht agus fostaíocht, agus beidh droichead iompair inbhuanaithe a nascfaidh na Céanna Thuaidh le croílár an bhaile a bhíodh ann tráth ina bhunchloch faoi Phort Láirge a fhorbairt mar chathair inbhuanaithe a bhfuil tarraingt mhór uirthi amach anseo.

De thairbhe an tionscadail cheannródaíoch i gceantar cónaithe an Leasa Mhóir i gCathair Phort Láirge, cothófar neart tréscaoilteachta mar aon le naisc siúil agus rothaíochta sa Lios Mór agus go dtí an máguaird. Lena chois sin, nascfaidh tionscadal an Leasa Mhóir le rotharbhealaí ar Bhóthar Chorcaí / Shráid an Mhainéir agus ar an gCuarbhóthar Laistigh i gCathair Phort Láirge.

Ina theannta sin, leanfaidh an chomhairle de thionscadail Bealaí Sábháilte chun na Scoile, de scéimeanna tréscaoilteachta, d'fheabhsúcháin ar acomhail agus de sholáthar páirceála do rothair a chur i gcrích.



**John McSweeney, bainisteoir Bainc**

B'fhearr liom dul isteach go Port Láirge ar rothar nó ar an mbus. Is i mBaile Gunnair atá cónaí orm thart ar 3km ón gcathair. Ar thiomáint amach ó m'eastát ar maidin dom, bíonn an oiread sin tráchta, go háirithe má tá sé de mhí-ádh orm teacht amach ag an mbuaic-am i gcomhair tráchta ag 8rn.

Tá rothar agam a úsáidim ar mhaithe le caitheamh aimsire ach d'úsáidfinn é i gcomhair timaistear a dhéanamh dá mbeadh an rogha sin agam. Dá mbeadh lána bus ann, thaistealóinn chun na hoibre ar an mbus ach, gan lána bus, ní bheinn ach sáinnithe sa trácht dá ndéanfainn amhlaidh.

Níl aon teora le líon na dtithe atá á dtógáil ar fud na cathrach ach níl na háiseanna ná an bonneagar ann le freastal ar na daoine a thagann chun cónaithe iontu.

Ba cheart dúinn a bheith níos fadbhreathnaithí agus na cúrsaí seo á bpleanáil. Is é an réiteach a bhíonn ag muintir na hÉireann i gcónaí tuilleadh bóithre a thógáil ach is léir go bhfuil athrú meon ag teacht ar dhaoine maidir leis sin. Beidh áthas orm dul ar scor le nach mbeidh orm cur suas leis an trácht a thuilleadh.

**Nótaí maidir leis an modheolaíocht:**

Rinne cuideachta neamhspleách taighde margaidh 'Behaviour & Attitudes' an suirbhé dearcaidh ó mhí Bealtaine go dtí mí Iúil 2023.

Déantar léargas sa suirbhé ar gach cónaitheoir i Limistéar Cathrach Phort Láirge, ní orthu siúd a bhíonn ag siúl, ag gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi nó ag rothaíocht amháin.

Faightear na sonraí eile go léir ónár gcomhpháirtithe cathrach, tacair sonraí náisiúnta nó déanann Sustrans iad a shamhaltú agus a ríomh.

Úsáidtear samhail a d'fhorbair Sustrans i meastacháin turais. Nuair a dhéantar comparáid le suirbhéanna taistil eile, d'fhéadfadh roinnt éagsúlachta a bheith ann maidir le céatadán na dturas a dhéantar de réir chuspóir an turais.

Baineadh úsáid as slánú tríd an tuarascáil. In go leor cásanna, rinneamar na figiúirí a shlánú go dtí an tslánuimhir is gaire. Seachnaítear slánú sa chás go bhféadfadh sé bheith ina chúis le mearbhall, mar shampla le meastacháin samhaltaithe a léirítear i roinne na hachoimre agus na sochar.

Tá tuilleadh eolais agus modheolaíocht mhionsonraithe ar fáil ag www.sustrans.org.uk/walking-cycling-index

---

Déanann Sustrans níos éasca é do gach duine dul ag siúl, gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí orthu agus dul ag rothaíocht.

Oibrímid ar son pobal agus le pobail, ag cuidiú le beocht a chur iontu trí shiúl, gabháil thart ar áiseanna a bhfuil rothaí orthu agus rothaíocht chun áiteanna níos sláintiúla agus saolta níos sona a chruthú do chách.

Bígí linn ar ár dturas. www.sustrans.org.uk

Is carthanas cláraithe é Sustrans sa Ríocht Aontaithe Uimh. 326550 (Sasana agus an Bhreatain Bheag) SC039263 (Albain)

© Sustrans Márta 2024
© Grianghraif: feicphoto.com ach amháin lth2 (feicphoto.com, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, Vicky Comerford), lth7 (AnnMaria Langford), lth9 (Anne-Marie Swift), lth15 (Robert McCarthy), lth17 (Michael Walsh) agus lth21 (p21 Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge/ÚNI)

Buíochas le Seirbhís na mBealaí Oscailte as a dtacaíocht lena mbreiseán iseacróin in QGIS.

---

Tá an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta i Limistéar Cathrach Phort Láirge á mhaoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair. Tá an tionscadal á chomhordú ag Sustrans agus tá tacaíocht faighte aige ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Comhairle Contae Chill Chainnigh.

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

